

EASCONNAÍ COCHAILL

Tigeann easconnaí cochaill anuas faoi Shamhain. Easconnaí beaga iad. Tá siad ar fad ar chó-mhéid.

Tá easconnaí cochaill a mhéaduigheanns ins na lochanna. Tá easconnaí móra i Loch na Trosgan. Chuireas spiléad i Loch na Trosgan. Tuairim sé feadh fichead a bhí san druim spiléad, cloch ar chaon cheann dhe, an druim leagtha ar thóin na locha, srugán a' teacht aníos agus buaidh de chorca air. Beidh dubháin ar an dorugha glinne de shnúda láidir agus an glinne i bhfastó san dorugha. Baoidhtí ar an dubhán. Nuair a shluigeas an breac an baoidhte gabhfaidh an dubhán ann. Beidh an dorugha a' tabhairt easgaidh choidhchin dó go mbeidh sé marbh. Marbhuigheann an sgóip iad. Beidh chuile bhreac marbh ach an easconn. Ní bheidh an easgonn marbh.

An uair a chuireas spiléad ar Loch na Trosgán. Bhí na heasconna chomh mór ar an dorugha gur sgaoileas iad le sgannradh. Bhí siad cho mór le easconnaí fairrge. Ní raibh aon dubhán ariamh ar an dorugha nach raibh eascon air. Ní maith liom eascon mhór a fheiceál ar loch. Ní maith le daoine iad a ithe.